Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 12 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

11433/20

COPS 309
POLMIL 131
COWEB 129
CFSP/PESC 795
CSDP/PSDC 457
BIH 19

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11402/20 COPS 305 POLMIL 130 COWEB 126 CFSP/PESC 790 CSDP/PSDC 454 BIH 17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Deireadh Fómhair 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Deireadh Fómhair 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLUIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN mBOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN/OIBRÍOCHT EUFOR ALTHEA**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas aonchiallach do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Agus toghcháin áitiúla le bheith ar siúl sa tír an 15 Samhain 2020, is díol sásaimh don Chomhairle go mbeidh toghcháin áitiúla ar siúl i gcathair Mostar an 20 Nollaig 2020 den chéad uair ó 2008. Iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile staonadh ó reitric ghríosaitheach scoilteach le linn thréimhse an toghcháin agus díriú ar aghaidh a thabhairt ar na 14 phríomhthosaíocht a sainaithníodh sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas mar a d'fhormhuinigh an Chomhairle in 2019 í, agus i gcomhréir le leas na saoránach uile dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an Aontais Eorpaigh.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Oibríocht Althea ann i gcónaí, a d'athdhírigh ar a príomhshainordú tar éis na n-athbhreithnithe straitéiseacha a rinneadh in 2017 agus 2019, agus an oiliúint chomhchoiteann á coinneáil aici mar chúram don Oibríocht ag an am céanna. Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid de straitéis iomlán an Aontais maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas réidh le leanúint le sainordú feidhmeach na hOibríochta chun tacú le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus iad ag iarraidh timpeallacht shábháilte, shlán a choimeád faoi údarú athnuaite de chuid na Náisiún Aontaithe.

3. Tugann an Chomhairle dá haire na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19 agus molann sí an oibríocht as a bheith lánoibríochtúil i gcónaí agus as leanúint de thacaíocht a thabhairt don tír sa tréimhse chorrach seo.

4. Tá an Chomhairle ag súil le tíolacadh an chéad athbhreithnithe straitéisigh eile faoi lár na bliana 2021 a bheidh mar bhonn don phlé maidir le cúraimí EUFOR amach anseo agus an bealach ar aghaidh don Oibríocht, agus aird á tabhairt aici ar a riachtanaí atá sé, tacú le dul chun cinn na Boisnia agus na Heirseagaivéine ina bpróiseas lánpháirtithe leis an Aontas agus an staid slándála ar an láthair á cur san áireamh ag an am céanna.

5. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar le comhordú EUFOR Althea le gníomhaithe idirnáisiúnta eile ar an láthair.

6. Le tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, tathantaíonn an tAontas ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine, a n-iarrachtaí armlón, arm agus feistí pléascacha breise a dhiúscairt a thuilleadh a choinneáil ar bun, mar aon lena n-iarrachtaí i ndáil le dímhianú.